**Paidir**
Tor is ea tú
cois tobair
bheannaithe

sceach ar fhál
ar an gconair chaol
idir inniu is go brách.

Tá ceirteacha
chomh daite
le síleáil eaglaise

ag bláthú
ar do ghéaga loma
is mé chugat

uair amháin eile
ar mo dhá ghlúin
ag guí:

go raibh tú romham
i gcónaí
is an ghrian

ag dul faoi,
fuíoll
an tsolais

chomh geal
le huisce fíor

id shúil ghlan

a choisceann
uaigneas
na bhfíréan

is tart
an ainchreidmhigh
araon.